

NUASONRÚ FMS

EAGRÁN IARBHUNSCOILE

EAGRÁN 13 – Deireadh Fómhair 2019

FMS 2016-2020 – Cad é atá déanta agus cad é atá le teacht?

Fáilte go hEagrán 13 d’Uasdátú FMS, an ríomhfheasachán le d’iarbhunscoileanna.

Tá tús á chur againn leis an mbliain deiridh den dara timthriall FMS. Le Ciorclán 0040/2016 tugtar scoileanna agus an córas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2020. I rith an timthrialla, tá scoileanna tar éis éirí níos muiníní leis an bpróiseas agus tá a fhios againn go bhfuil a lán scoileanna tar éis úinéireacht a ghlacadh air i ndáiríre, ag baint úsáid as chun díriú ar rudaí atá ríthábhachtach ina gcomhthéacs ag an am áirithe sin.

Le linn na scoilbhliana 2018/19, lean cigirí ar aghaidh ag tabhairt roinnt seimineár FMS do cheannairí scoile agus lean siad ag plé le scoileanna trí chuartheanna comhairleacha FMS. Ba é cur chun feidhme leanúnach na Sraithe Sóisearaí agus an próiseas FMS a úsáid go barrmhaith chun an próiseas forfheidhmithe a shruthlíniú a bhí ard mar thosaíocht ar chlár na scoileanna.

D’fhéadfá a bheith ag smaoineamh anois ar réimsí breise ina bhféadfaí an próiseas pleanála gníomhaíochta FMS a chur i bhfeidhm go táirgiúil. Sa nuachtlitir seo breathnóimid ar an tionscnamh náisiúnta reatha maidir le hoideachas STEM agus conas is féidir leis an bpróiseas FMS feidhmiú mar fheithicil úsáideach chun foghlaim bunaithe ar STEM a chur chun cinn i gcomhthéacs do scoile féin. Agus SSE á chur i bhfeidhm ag an scoil, is féidir le ranna ábhair aonair a gcuid saineolais féin a bhaineann le hábhar a úsáid chun tosaíochtaí ar fud na scoile a mhapáil ina gcomhthéacs ábhair. Breathnóimid ar chur chuige samplach ó roinn na matamaitice.

Tá cigirí fós ag cur cuairteanna comhairleacha FMS ar fáil i scoileanna. Is cuairteanna neamh-mheastóireachta iad seo ó chigire, a tharlaíonn ag am atá oiriúnach don scoil. Is é sprioc na gcuartheanna seo ná tacú le scoileanna lena bpróiseas, ionas go bhfuil an éifeacht atá ag teastáil uathu aige. Tá go leor scoileanna ag baint úsáid as na cuairteanna seo mar dheis don phríomhoide agus do bhaill foirne bainistíochta inscoile na scoile comhrá a bheith acu ina gcuirtear dearcadh seachtrach ar a bpróiseas ar fáil. Tá sé ag cuidiú leo a bpróiseas a bheachtú agus ina lán cásanna é a dhéanamh níos soláimhsithe agus níos inbhuanaithe. Chun cuairt a iarraidh cuir r-phost chuig info@schoolself-evaluation.ie agus ainm agus uimhir rolla na scoile leis.

Clár


Próiseas FMS a chur i bhfeidhm ar fhorbairt STEM

leathanach 2

Tosaíochtaí uile scoile a mhapáil chuig ranna ábhair – cás-staidéar

Leathanach 4

Próiseas FMS a chur i bhfeidhm ar fhorbairt STEM



Ós rud é go bhfuil oideachas STEM ard ar an gclár oibre náisiúnta, b'fhiú smaoineamh ar an dóigh ar féidir le do scoil oideachas STEM a chur chun cinn i gcomhthéacs do scoile féin. San alt seo breathnóimid ar an dóigh ar féidir le FMS, i gcomhar leis an Ráiteas Beartais Oideachais STEM 2017 - 2026 tacú le gnóthachtlácha STEM i do scoil.

Is iad na ceithre dhisciplín STEM ná Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic. Seo a leanas achoimre ar na disciplíní sa ráiteas beartais:

- Cuireann **Eolaíocht** ar ár gcumas ár spéis sa domhan beo, ábhartha agus fisiciúil a fhorbairt agus a thuiscint, agus forbraíonn sé scileanna comhoibrithe, taighde, fiosrúcháin chriticiúil agus turgnaimh.
- Clúdaíonn **Teicneolaíocht** raon réimsí a bhaineann le cur i bhfeidhm eolais, scileanna agus smaointeoireachta ríomhaireachta chun cumais an duine a leathnú agus chun cuidiú le riachtanais an duine a shásamh, ag feidhmiú ag comhéadan na heolaíochta agus na sochaí.
- Baineann **Innealtóireacht** le dearadh agus cruthú táirgí agus próiseas, ag tarraingt ar mhodhanna eolaíochta chun na scileanna agus an t-eolas a sholáthar chun fadhbanna an domhain a réiteach.
- Tugann **Matamaitic** na scileanna atá riachtanach dúinn chun faisnéis a léirmhíniú agus a anailísiú, chun fadhbanna a shimpliú agus a réiteach, chun riosca a mheasúnú, chun cinntí eolasacha a dhéanamh agus chun an domhan mórtimpeall orainn a thuiscint trí fhadhbanna teibí agus coinchréiteacha a mhúnlú.

Dúshlán atá ag scoileanna maidir leis an bpróiseas FMS a chur i bhfeidhm ar STEM ná snáithe comónta a aithint a bhfuil baint aige le réimsí uile an churaclaim agus mar sin is féidir é a chur i bhfeidhm ar bhonn scoile uile. D'fhéadfadh forbairt snáithe traschuraclaim ar scileanna smaointeoireachta criticiúla a bheith i gceist le snáithe amháin den sórt sin. Sa chiall is leithne, éilíonn smaointeoireacht chriticiúil ar dhaltáí a gcumas i mbun réasúnaíochta a úsáid. Baineann sé le bheith mar fhoghlaimeoir gníomhach seachas a bheith mar fhaighteoir éighníomhach faisnéise. Déanann smaointeoirí criticiúla ceisteanna agus toimhdí a cheistiú go dian seachas glacadh leo mar atá siad. Agus an sruth leanúnach teachtaireachtaí a thagann chuig ár gcuid mac léinn tríd na meáin shóisialta, is cuid ríthábhachtach den dóigh a gcuirimid oideachas ar ár gcuid scoláirí ar feadh an tsaol é an fhorbairt ar scileanna smaointeoireachta criticiúla.

Agus do chuid smaointeoireachta á mapáil agat ar *Ag Breathnú ar an Scoil Againne*, féadfaidh an sliocht seo a leanas ó ABSA a bheith úsáideach:

Caighdeán	Ráiteas ar Chleachtas Éifeachtach	Ráiteas ar Ard-Chleachtas Éifeachtach
Tá an t-eolas agus na scileanna raichtanacha ag na scoláirí chun iad féin agus a gcaidrimh a thuiscint	Léiríonn scoláirí dearcadh fiosrach fúthu féin agus faoi dhaoine thimpeall orthu	Léiríonn scoláirí dearcadh fiosrach agus oscailte fúthu faoi agus faoi dhaoine orthu

Tar éis forbairt scileanna criticiúla smaointeoireachta a shainathint mar do réimse fócais, conas is féidir leat dul i ngleic leis an bhfócas seo a fheabhsú mar ní atá soláimhsithe agus ar féidir aghaidh a thabhairt air ar bhonn scoile uile? D'fhéadfá tús a chur le cuid de na ceisteanna seo a leanas nó gach ceann díobh a chur:

- An bhfuil ár gcuid daltaí páirteach i bhforbairt rialacha ranga / scoile?
- An gcuirimid faisnéis ar fáil nó an gcuirimid ceisteanna?
- An iarraidimid “cén fáth?” chomh maith le “cé?” Agus “cad é?”
- An bhforbraíonn ár gcur chuige maidir le hobair bhaile / obair thionscadail scileanna smaointeoireachta criticiúla?

Agus é ag bogadh chuig an gcéim bailithe sonraí, is tábhachtach cuimhneamh ar rudaí a choinneáil inlámhsithe. D'fhéadfá tús a chur le plé foirne / grúpa oibre ina bhféadfaí raon roghanna bailithe sonraí a phlé. I measc na roghanna sin tá:

- Breathnóireacht piaraí - d'fhéadfadh an breathnóir scóir a chruthú de na cineálacha éagsúla ceisteanna atá á gcur agus / nó an méid ama a chaitear ag tabhairt eolais in áit na scoláirí a bheith gníomhach go díreach.
- Innúchadh a dhéanamh ar chóid iompair an tseomra ranga - cá mhéad acu a raibh baint ag na scoláirí leo?
- Anailís a dhéanamh ar shampla de thascanna obair bhaile - faigh amach an bhfuil cothromaíocht chúí ann idir tascanna meabhrúcháin de chineál íochtair agus tascanna ardoird a éilíonn forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla.

Níl sa mhéid thuas ach sampla de na ceisteanna a d'fhéadfá a chur agus na cineálacha bailithe sonraí a d'fhéadfá a bheith páirteach iontu. A luaithe agus a bhíonn na sonraí bailithe agat, is é sin an t-am chun anailís agus breithiúnais a dhéanamh. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo ar do chumas réimse nó dhó a shainathint a dteastaíonn forbairt uathu. Cuimhnigh freisin ina bhfuil ag éirí go maith leat a cheiliúradh. Is deis í do thuarascáil FMS chun labhairt faoi do chuid ratha agus chun na gnóthachtálacha sin a roinnt le pobal na scoile. Trí réimsí le haghaidh forbartha a chur san áireamh, taispeánann tú do scoláirí agus do thuismitheoirí go bhfuil cead agat athrú agus go bhfuil tú ag iarraidh an scoil a bhogadh ar aghaidh go gníomhach.



Ba chóir go mbeadh líon beag straitéisí simplí i do phlean feabhsúcháin scoile ar féidir le gach múinteoir iad a chur i bhfeidhm. Mar shampla, má fhaigheann tú amach go bhfuil tascanna obair bhaile ró-dírithé ar eolas a thabhairt chun cuimhne, d'fhéadfadh ranna ábhair plé a dhéanamh ar dtús ar na cineálacha tascanna obair bhaile a bheadh níos tairbhiúla d'fhorbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla na scoláirí. Cuideoidh sé seo, ina dhiaidh sin, le múinteoirí a gcur chuige i leith obair bhaile a oiriúnú. Má aimsíonn tú leitheadúlacht de cheistiúcháin ar ord níos ísle, d'fhéadfadh FGL na foirne uile maidir le straitéisí ceistiúcháin a bheith mar thúsphointe chun réimse níos leithe straitéisí ceistiúcháin a bheith á gcur i bhfeidhm ag gach múinteoir.

Agus an plean feabhsúcháin á chur i ngníomh sna seomraí ranga, smaoinigh freisin faoi phleanáil a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfaidh tú monatóireacht ar rath nó ar shlí eile do straitéisí ranga d'fhonn a dtionchar a mheas. Is smaoinemh maith é, ag deireadh na chéad bhliana, dul tríd an bpróiseas céanna chun fianaise a bhailiú agus a rinne tú ag tús na bliana. Tabharfaidh sé seo deis duit a aithint cé acu atá na hathruithe sa chleachtas leabaithe nó nach bhfuil. Mar sin féin, ní gá gurb ionann athruithe i gcleachtas agus feabhas a bheith tagtha ar thorthaí na scoláirí. Chun é seo a fháil amach, ní mór duit dul rud beag níos doimhne. B'fhéidir go bhféadfá iarraidh ar na scoláirí faoina dtaithí agus fáil amach an bhfuil athrú tugtha faoi deara acu. An mothaíonn siad níos compórdaí agus iad ag smaoinemh dóibh féin? An mothaíonn siad go bhfuil ionchur níos mó acu sa dóigh a bhfuil rudaí déanta? Ar tháinig aon fhorbairt ar a gcumas a bheith ag smaoinemh dóibh féin toisc an obair bhaile a bheith difriúil? Ba chóir go gcuirfeadh ceistneoir gearr nó fócasgrúpa scoláirí an fhianaise riachtanach ar fáil.

Cuimhnigh gur féidir le hathruithe beaga ar chleachtas nuair a chuirtear i bhfeidhm iad ar fud na scoile tionchar mór a imirt ar thorthaí na scoláirí. Is í seo an teachtaireacht atá ag croílár an FMS. Is é an cumas chun a bheith in ann smaoineamh go criticiúil scil a bhfuil an-tóir ag fostóirí uirthi agus is scil í freisin atá bunúsach i gcúrsaí fiontraíochta. Cuireann smaoineoireacht chriticiúil ar chumas scoláirí idirdhealú a dhéanamh idir nuacht bhréagach agus fíor-nuacht, chun a gcaidrimh a mheas, chun iad siúd a bhfuil údarás acu a cheistiú agus smaoineamh roimh ghníomhú. Ligeann sé freisin do scoláirí leanúint ar aghaidh ag forbairt go hintleachtúil tar éis dóibh a n-oideachas foirmiúil a chríochnú. I bhfriotal Socrates– “I cannot teach anybody anything, I can only make them think”.

Tosaíochtaí scoile uile a mhapáil chuig ranna ábhair – cur chuige samplach

Má tá tionchar suntasach ag pleanáil feabhsúcháin ar fud na scoile sna seomraí ranga, tá sé tábhachtach go rachaidh ranna ábhair i ngleic go gníomhach leis an bpróiseas. Bealach amháin chun ardleibhéal rannpháirtíochta a bhaint amach ná gur féidir le ranna ábhair bealach a fhorbairt chun tosaíochtaí scoile uile a mhapáil dá gcuid oibre forbartha rialta. Féachann an léaráid thíos ar an dóigh a bhféadfadh rannóg ábhair na sé chéim den phróiseas FMS a chur i bhfeidhm ar bhealach a chuirfeadh leis an gcur chuige ar fud na scoile:



Sa sampla seo a leanas, ba ar fheabhas a chur ar thaithí an fhoghlaimora ar mhaithe le folláine na scoláirí a fheabhsú agus tacú le torthaí níos airde a bhí an fócas FMS tríd an scoil don bhliain. Leagtar amach sa tábla an dóigh a ndearna na múinteoirí Matamaitice a gcuid féin den phróiseas agus iad ag comhlánú na ngníomhaíochtaí scoile uile.

	Forbairt Ábhair	Roinn na Matamaitice
Sainaitin fócas	Cuir feabhas ar thaithí an fhoghlaimeora d'fhonn folláine na scoláirí a fheabhsú agus tacú le torthaí níos airde	Chuir na múinteoirí na ceisteanna seo a leanas orthu féin <ul style="list-style-type: none"> An gcuirtear tascanna saibhre dúshlánacha ar scoláirí a fhorbraíonn fonn chun fadhbanna a réiteach? An nglacann scoláirí páirt i ngníomhaíochtaí imscrúdaithe a eascraíonn as a gcuid leasanna agus ceisteanna féin?
Bailigh fianaise	<ul style="list-style-type: none"> Fócasghrúpa scoláirí Ceistneoir do réimse scoláirí 	<ul style="list-style-type: none"> Rinne na múinteoirí plé lena scoláirí féin Rinneadh imscrúdú ar shampa d'obair na scoláirí le fáil amach an raibh easpa spéise ann
Déan anailís agus breithiúnais	Cé chomh maith agus atá eispéireas an fhoghlaimeora inár scoil?	Cé chomh maith agus atá eispéireas an fhoghlaimeora sa Mhatamaitic?
Scríobh agus roinn tuairisc agus plean feabhsúcháin	Tá gá le heispéireas an fhoghlaimeora ar fud na scoile a fheabhsú	Glacann na scoláirí páirt go rialta i ngníomhaíochtaí imscrúdaithe; ach d'fhéadfadh níos mó gníomhaíochtaí teacht as a gcuid leasanna agus ceisteanna féin
Cuir an plean feabhsúcháin i ngníomh	Comhoibriú tras-rannach ar an dóigh chun eispéireas an fhoghlaimeora a fheabhsú	Comhoibriú laistigh de roinn na matamaitice ar thascanna níos saibhre a fhorbairt
Déan monatóireacht ar ghníomhartha agus a dtionchar a mheas	<ul style="list-style-type: none"> An raibh an próiseas soláimhsithe? An raibh an próiseas fiúntach? Cén dóigh ar thacaigh an plean le folláine agus torthaí a fheabhsú? 	<ul style="list-style-type: none"> An raibh an próiseas soláimhsithe/ fiúntach sa Mhatamaitic? Conas is féidir linn leanúint orainn ag tacú leis an bpróiseas?

Meabhrúcháin ar Thacaíochtaí don FMS

Coinnigh i dteagmháil le forbairtí faoi FMS tríd ár suíomh gréasáin agus ár láithreacht sna meáin shóisialta.

Clliceáil ar na hÍocóin thíos chun an nasc ábhartha a rochtain nó chun ár bhfothaí meán sóisialta a shíniú.

